| | |
|---|---|
| **COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH** | **An Bhruiséil, 25 Meitheamh 2012 (OR. en)** |
| | **11845/12** |
| | **NIS 62**<br>**COEST 234**<br>**MED 41**<br>**COMAG 66** |

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| Ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| dar dáta: | an 25 Meitheamh 2012 |
| chuig: | Na Toscaireachtaí |
| An doic. roimhe seo: | 11340/12 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an bPacáiste BCE (Beartas Comharsanachta na hEorpa) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na Conclúidí maidir leis an bPacáiste BCE, a ghlac an Chomhairle (Gnóthaí Eachtracha) an 25 Meitheamh 2012.

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an bPacáiste BCE (Beartas Comharsanachta na hEorpa)**

Athdheimhníonn an Chomhairle tábhacht straitéiseach Bheartas Comharsanachta na hEorpa agus meabhraíonn sí na Conclúidí ón gComhairle i ndáil leis an BCE an 20 Meitheamh 2011, agus fearann sí fáilte mar sin roimh an gcomh-Theachtaireacht ón Ardionadaí do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún an 15 Bealtaine ina dtuairiscítear an dul chun cinn suntasach a rinneadh maidir le Beartas nua Comharsanachta na hEorpa a bhunú. Fearann sí fáilte roimh an dul chun cinn a rinneadh chun an Chomhpháirtíocht don Daonlathas agus don Ráthúnas Comhroinnte le tíortha na Meánmhara Theas a chur ar aghaidh agus tá sí ag tnúth le cur chun feidhme an Treochláir a théann leis an gcomh-Theachtaireacht, agus sin á dhéanamh trí chomhphlé agus i gcomhar le comhpháirtithe, chun sineirgí a chothú leis an Aontas don Mheánmhuir agus le tionscnaimh áitiúla eile. Fearann sí fáilte freisin roimh an dul chun cinn a rinneadh maidir le cur chun feidhme Comhpháirtíocht an Oirthir agus roimh an gcomh-Theachtaireacht ón Ardionadaí agus ón gCoimisiún ina moltar Treochlár chun obair dhéthaobhach agus iltaobhach a stiúradh agus í feasach ar Chruinniú Mullaigh an Fhómhair 2013. Tá sí ag tnúth le formhuiniú an Treochláir ag an gcéad chruinniú eile de chuid Airí Chomhpháirtíocht an Oirthir agus lena chur i bhfeidhm ina dhiaidh sin.

---